
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Treoir um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil

## D'úsáideoirí agus do Cheadaitheoirí Sonraí

Bealtaine 2021

# Forléargas ar an bhFeidhmchlár Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil



# Clár na nÁbhar

**Cuid 1 – Sula dTosaíonn tú** **4**

1.1 Réamhrá 4

1.2 Cineálacha Úsáideoirí agus Suiteáil 4

1.3 Doiciméid Tacaíochta 5

**Cuid 2 – An Ról atá ag an Úsáideoir Iontrála Sonraí (DEU)** **6**

2.1 Seiceáil Doiciméad 6

2.2 CA (ID) Ranga a Shannadh d'Fhoirmeacha B, OOS 8 agus OOS 9 sula logáiltear isteach 7

2.2.1 Comharthaí Aitheantais (CA) Ranga a Shannadh 7

2.2.2 Suiteáil Úsáideora Iontrála Sonraí (DEU) 9

2.3.1 CA (ID) Ranga agus Foirmeacha B, OOS8 agus OOS9 a iontráil 10

2.3.2 Marcanna ó Fhoirmeacha B, OOS8 agus OOS9 a iontráil 12

2.3.3 Sonraí a iontráil lena bhfaomhadh 14

2.3.4 Cad a dhéantar má dhiúltaíonn/athshocraíonn an Ceadaitheoir na sonraí 14

**Cuid 3– Ról an Cheadaitheora** **16**

3.1 Seiceáil Doiciméad 16

3.2 An Córas um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil 16

3.2.1 Rochtain a fháil ar an gCóras um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil 16

3.2.2 Úsáideoirí Iontrála Sonraí (DEU) a Shuiteáil 18

3.2.3 Ranganna a Fhaomhadh/a Dhiúltú/a Athshocrú 19

3.2.4 An Tacar Deiridh Sonraí a chur ar aghaidh/ a thaisceadh 21

3.3 Síniú a chur leis 21

**Cuid 4 – An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)** **22**

4.1 Comharthaí Aitheantais (CA) Ranga 22

4.2 Marcanna Céatadáin 22

4.3 Scoláire nach bhfuil ar Chóras Sonraí na nGrád Creidiúnaithe 22

**Cuid 5 – Dearbhú Cáilíochta** **23**

**Cuid 6 – Deasc Chabhrach agus Tacaíocht** **24**

Sonraí Teagmhála 24

# Cuid 1 – Sula dTosaíonn tú

## 1.1 Réamhrá

Is ann don treoir seo chun cuidiú le scoileanna sa phróiseas a bhaineann leis na marcanna céatadáin measta a ionchur agus iad a chur ar aghaidh i leith na scoláirí go léir atá i ranganna na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF) 2021 i mbliana. Tá na nósanna imeachta a bhaineann le sonraí a thaifeadadh san fheidhmchlár don Ardteistiméireacht agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) cosúil le chéile ach tá roinnt difríochtaí i gceist nach mór a bheithe feasach orthu i dtaca leis an ATF agus leagtar iad sin amach i gCuid 4.

Cruthaíodh agus tógadh an Córas um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil go sonrach do phróiseas na nGrád Creidiúnaithe in 2021. Is d'Úsáideoirí Iontrála Sonraí agus do Cheadaitheoirí an treoir seo.

Osclófar an córas iontrála sonraí ag 9am, Dé hAoine an 28 Bealtaine agus fanfaidh sé ar oscailt go dtí 6pm ar an Déardaoin 3 Meitheamh. Tá sé rí-thábhachtach go gcuirfeadh gach scoil agus gach ionad don oideachas an próiseas iontrála sonraí chun críche ag tráth nach déanaí ná an Déardaoin, 3 Meitheamh 2021.

Braitheann córas na nGrád Creidiúnaithe go hiomlán ar cháilíocht na sonraí a bhailíonn scoileanna agus ar an gcruinneas a bhaineann le taifeadadh na sonraí sin. Ní mór duit d'am a thógáil leis an bpróiseas seo ionas gur léiriú cruinn iad na sonraí a thiomsaítear tríd an bpróiseas seo ar na sonraí atá ar na foirmeacha. **Rachaidh aon earráidí a dhéanfar ag an gcéim seo i bhfeidhm ar na Gráid Chreidiúnaithe a gheobhaidh scoláirí.**

## 1.2 Cineálacha Úsáideoirí agus Suiteáil

Tá dhá ról úsáideora de dhíth chun marcanna céatadáin measta a cheadú agus a chur ar aghaidh.

- Úsáideoir(í) Iontrála Sonraí (DEU) – Cuntóir na nGrád Creidiúnaithe de ghnáth
- Ceadaitheoir – an Príomhoide go hiondúil

Gheobhaidh príomhoidí scoile ríomhphost ina mbeidh sonraí logála isteach don chóras dá ról mar cheadaitheoir. Ansin, beidh ar chumas an phríomhoide cuntas (cuntais) a chruthú d'úsáideoir(í) iontrála sonraí (DEU) ina scoil. Is féidir breis agus Úsáideoir Iontrála Sonraí amháin a shuiteáil ar an gcóras.

Tugtar míniú mionsonraithe ar an ról atá ag gach úsáideoir níos faide ar aghaidh sa treoir seo.

Má bhíonn fadhbanna ar bith agat maidir le rochtain a fháil ar thairseach na nGrád Creidiúnaithe, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach ar 057-9324461 (glac le rogha 2).

## 1.3 Doiciméid Tacaíochta

Faoi mar atá léirithe in *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta a Sholáthar*, agus in *Scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí 2021 - Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta a sholáthar atá ar fáil* anseo, beidh Foirmeacha A agus B agus an próiseas ailínithe ábhair curtha i gcrích ag múinteoirí roimh an bpróiseas iontrála sonraí.

Beidh foirmeacha OOS8 agus OOS9 comhlánaithe ag príomhoidí i dtaca le hábhair a ndearnadh staidéar go hiomlán orthu taobh amuigh den scoil (nuair is cuí). Is féidir na doiciméid sin a fháil in *Treoir do Scoileanna agus do Scoláirí maidir le Feidhmiú Phróiseas na nGrád Creidiúnaithe d'Ábhair Taobh Amuigh den Scoil agus d'Fhoghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil*.

| | |
|---|---|
| Foirm A: | Foirm don Mharc Céatadáin Measta chun marc measta gach scoláire a thaifeadadh |
| Foirm B | Fíorú Mharcanna Measta an Ranga |
| Foirm OOS8 | Marc measta á sholáthar ag an scoil maidir le hÁbhair Taobh Amuigh den Scoil agus Foghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil |
| Foirm OOS9: | Foghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil agus ábhair taobh amuigh den scoil nach féidir leis an scoil marc measta a sholáthar ina leith |

Maitrís Scoile: Tá maitrís scoile ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit curtha ar fáil duit. Is é atá sa mhaitrís ná liosta de na scoláirí atá cláraithe chun an Ardteistiméireacht a dhéanamh i do scoilse agus a gcuid leibhéal.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na doiciméid thuas téigh chuig *An Ardteistiméireacht 2021 – Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta a Sholáthar* agus *Treoir do Scoileanna agus do Scoláirí maidir le Feidhmiú Phróiseas na nGrád Creidiúnaithe d'Ábhair Taobh Amuigh den Scoil agus d'Fhoghlaimeoirí Taobh Amuigh den Scoil*.

# Cuid 2 – An Ról atá ag an Úsáideoir Iontrála Sonraí (DEU)

Seo a leanas achoimre ar an Ról atá ag an Úsáideoir Iontrála Sonraí (DEU):

***Céim 1: Páipéarachas***

- Na doiciméid ábhartha a fháil agus a sheiceáil – an Mhaitrís, Foirm A, Foirm B, Foirm OOS8 agus Foirm OOS9
- Na IDanna Ranga nó Comharthaí Aitheantais (CA) Ranga a shannadh d'Fhoirm B, d'Fhoirm OOS8 agus d'Fhoirm OOS9

***Céim 2: Torthaí a iontráil ar an gcóras iontrála sonraí***

- A chinntiú go bhfuil gach scoláire iontráilte i gceart ar an gCóras um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil
- Na IDanna Ranga nó Comharthaí Aitheantais (CA) Ranga ábhartha a iontráil ar an bhfeidhmchlár
- Na marcanna céatadáin measta mar atá leagtha amach i bhFoirm B a iontráil
- Na marcanna céatadáin measta do gach Foirm OOS8 a iontráil
- Marc céatadáin 0 a iontráil do gach Foirm OOS9
- A chinntiú go bhfuil na sonraí go léir a iontráladh i gceart agus na sonraí a chur ar aghaidh lena bhfaomhadh. Tá cur síos mionsonraithe ar an bpróiseas san alt seo a leanas:

## 2.1 Seiceáil Doiciméad

Cuirfidh an príomhoide Foirmeacha A agus Foirmeacha B ar fáil duit do gach rang Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta Feidhmí do gach ábhar ag gach leibhéal i do scoil. D'fhéadfadh sé go bhfaighfeá líon d'Fhoirmeacha OOS8 agus/nó d'Fhoirmeacha OOS9 ón bpríomhoide freisin.

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil gach foirm comhlánaithe go hiomlán agus go bhfuil sí sínithe ag an duine cuí sula ndéantar aon sonraí a iontráil ar an gCóras um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil. Má tá aon aimhrialtachtaí ann, ní mór duit é sin a chur in iúl don phríomhoide láithreach agus cinnteoidh seisean/sise go ndéanfar iad a cheartú.

Níor cheart sonraí a iontráil ach amháin ó Fhoirm B agus ó OOS8 agus ó OOS9 ar an gCóras um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil agus gan Foirm A a úsáid **ach amháin** i gcomhair tagartha.

## 2.2 CA (ID) Ranga a Shannadh d'Fhoirmeacha B, OOS 8 agus OOS 9 sula logáiltear isteach

### 2.2.1 Comharthaí Aitheantais (CA) Ranga a Shannadh

Chun go n-oibreoidh samhail na nGrád Creidiúnaithe, ní mór go mbeadh a fhios againn cén rang-ghrúpa taobh istigh d'ábhar agus de leibhéal a mbaineann gach scoláire leis. Sula logálann tú isteach ar an bhfeidhmchlár um shonraí a iontráil tá sé an-tábhachtach go mbeadh comharthaí aitheantais (CA) ranga sannta agat do gach rang agus é a scríobh ar an bhFoirm B, OOS 8 agus OOS 9 ábhartha. Is ionann Comhartha Aitheantais (CA) Ranga agus ID Ranga ar an gcóras. Beidh sannadh scoláirí do ranganna ar cheann de na chéad tascanna a bheidh le déanamh nuair a logálfaidh tú isteach. Is lú go mór an seans go ndéanfaidh tú botún má cheangail tú CA ranga le gach foirm ábhartha roimh ré. Caitear le Foirmeacha OOS8 agus OOS9 mar ranganna ar leith i.e. ba cheart gach scoláire a bhfuil Foirm OOS8 nó OOS9 ann ina leith a chur i rang as/aisti féin.

**Ní mór** CA (ID) ranga a shannadh do gach Foirm B, OOS 8 agus OOS 9. Ní mór go mbeadh dhá charachtar a chuimsíonn litir amháin agus digit amháin **<u>nó</u>** litir amháin ina diaidh mar fhormáid don CA ranga do gach Foirm. Mar shampla, i measc CA ranga cuí tá A1, B2, CH, DD.

- I gcás Fhoirmeacha B, níor cheart ach litreacha sa Réimse ó A go R a úsáid mar an chéad charachtar.
- I gcás Fhoirmeacha OOS 8, níor cheart ach na litreacha U, V nó W a úsáid mar an chéad charachtar.
- I gcás Fhoirmeacha OOS 9, níor cheart ach na litreacha X, Y nó Z a úsáid mar an chéad charachtar.

**Nuair atá CA ranga sannta agat do gach rang-ghrúpa, ba cheart duit an CA ranga a scríobh sa spás atá ann chuige sin ar bharr Fhoirm B. I gcás OOS 8 agus OOS 9 ba cheart an CA ranga a iontráil ar an bhfoirm le hais Uimhir Rolla na Scoile.**

***Sampla d'Fhoirm B: Comharthaí Aitheantais (CA) Ranga***

| **Rang** | **Gaeilge Ardleibhéal** | **Matamaitic Bonnleibhéal** | **Cuntasaíocht Gnáthleibhéal** | **Béarla agus Cumarsáid (ATF) Comhleibhéal** | **GCAT** |
|---|---|---|---|---|---|
| Rang 1 | A1 | A1 | A1 | A1 | A1 |
| Rang 2 | A2 | A2 | A2 | A2 | A2 |
| Rang 3 | A3 | | | | |
| Rang 4 | A4 | | | | |
| Rang 5 | A5 | | | | |
| Rang 6 | A6 | | | | |

***Sampla malartach d'Fhoirm B: CA Ranga***


| **Rang** | **Gaeilge Ardleibhéal** | **Matamaitic Bonnleibhéal** | **Cuntasaíocht Gnáthleibhéal** | **Béarla agus Cumarsáid (ATF) Comhleibhéal** | **GCAT** |
|---|---|---|---|---|---|
| Rang 1 | AA | BB | CC | DD | EE |
| Rang 2 | AB | BC | CD | RO | EF |
| Rang 3 | AC | | | | |
| Rang 4 | AD | | | | |
| Rang 5 | AE | | | | |
| Rang 6 | AF | | | | |

Mar a fheiceann tú ó na samplaí, ní gá don CA Ranga a bheith uathúil ach amháin taobh istigh de leibhéal an ábhair.

***Samplaí d'Fhoirmeacha OOS8 agus d'Fhoirmeacha OOS9***

| Ag déanamh staidéir taobh amuigh den scoil ach is féidir leis an scoil marc measta a sholáthar (OOS8) | | | | Ag déanamh staidéir taobh amuigh den scoil ach ní féidir leis an scoil marc measta a sholáthar (OOS9) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Scoláire 1<br>Gearmáinis<br>(AL) | Scoláire 2<br>Gearmáinis<br>(AL) | Scoláire 3<br>Matamaitic Fheidhmeach<br>(AL) | Scoláire 4<br>Matamaitic Fheidhmeach<br>(GL) | Scoláire 5<br>Gréigis<br>(GL) | Scoláire 6<br>Gréigis<br>(GL) | Scoláire 7<br>Bitheolaíocht<br>(AL) | Scoláire 8<br>Spáinnis<br>(AL) |
| U1 | U2 | V1 | V1 | X1 | Y1 | Z1 | X1 |

Tabhair faoi deara go bhféadfaí an CA Ranga céanna a thabhairt don bheirt scoláirí Matamaitice Feidhmí (thuas). Sin mar gheall nach gá don CA ranga a bheith uathúil ach amháin taobh istigh den leibhéal ábhair ar leith. Ar ndóigh, d'fhéadfaí CA ranga éagsúla a thabhairt dóibh, chomh fada agus go bhfuil an chéad litir den CA teoranta do U, V nó W d'Fhoirmeacha OOS8 agus do X, Y nó Z d'Fhoirmeacha OOS9.




## 2.2.2 Suiteáil Úsáideora Iontrála Sonraí (DEU)[1]


Beidh áis ag do phríomhoide chun tú a shuiteáil mar Úsáideoir Iontrála Sonraí (DEU) ar an gCóras um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Bhailiú. Chun é seo a dhéanamh, beidh gá ag an bpríomhoide le do sheoladh ríomhphoist agus d'uimhir fóin póca. Gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh do dhintiúir chun logáil isteach. Nuair a chliceálfaidh tú ar an nasc sa ríomhphost, tabharfar chuig an scáileán seo a leanas don logáil isteach thú.

Beidh sé de rogha agat an leagan Gaeilge nó an leagan Béarla den fheidhmchlár a úsáid. Cuireann tú isteach do sheoladh ríomhphoist agus an pasfhocal sealadach a sholáthraítear sa ríomhphost. Nuair a logálann tú isteach ar an gcóras, meabhrófar duit do phasfhocal a athrú agus ba cheart duit logáil isteach ansin agus do phasfhocal nua á úsáid agat. Seolfar cód sé dhigit chuig d'fhón póca ansin agus meabhrófar duit é a iontráil ar do scáileán.

Nuair a bheidh tú logáilte isteach ar thairseach na nGrád Creidiúnaithe, beidh liosta de na hábhair agus de na leibhéil go léir do do scoil ar an scáileán baile.

[1] Ionas go bhfeidhmeoidh an córas ar an mbealach is fearr is féidir, moltar duit Microsoft Edge nó Google Chrome a úsáid mar bhrabhsálaí idirlín nuair atá an Córas um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil á úsáid agat.


## 2.3 Sonraí a Iontráil ar Chóras Sonraí na nGrád Creidiúnaithe




| Stádas | Ábhair | Leibhéal | Foriomlán Scoláirí | Marcanna Iontráilte | % Marcanna Iontráilte |
|---|---|---|---|---|---|
| Níor tosaíodh | An Pholaitíocht Agus An Tsochaí | Ardleibhéal | 1 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Béarla | Ardleibhéal | 28 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Béarla | Gnáthleibhéal | 10 | 0 | 0% |
| Ar Siúl | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | 22 | 9 | 40% |
| Níor tosaíodh | Bitheolaíocht | Gnáthleibhéal | 2 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Ceimic | Ardleibhéal | 4 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Ceol | Ardleibhéal | 4 | 0 | 0% |

### 2.3.1 CA (ID) Ranga agus Foirmeacha B, OOS8 agus OOS9 a iontráil

Nuair a chliceálann tú ar ábhar agus ar leibhéal ar leith, cuirfear na scoláirí go léir don ábhar agus don leibhéal sin i láthair ar an scáileán i dtús báire. Mar shampla, beidh na scoláirí go léir sa scoil atá ag déanamh bitheolaíochta ag an ardleibhéal liostaithe le chéile:




| CA Scrúduithe | Sloinne | Céadainm | Dáta Breithe | CA Ranga |
|---|---|---|---|---|
| 102874 | Greene | Megan | 01-04-2002 | |
| 106234 | Mohr | Sarah | 26-07-2001 | |
| 107419 | Collins | Ali | 11-07-2001 | |
| 108714 | O'Neill | Kate | 21-12-2002 | |
| 108964 | Seadaic | Oisín | 06-08-2001 | |
| 116992 | O Mara | Sean A | 14-03-2002 | |
| 120263 | Ni Bhroin | Maciej | 10-06-2002 | |
| 120380 | ORAZI | ANGELICA | 21-09-2002 | |
| 120470 | Doyle | Jack | 27-09-2001 | |
| 121620 | Brown | Lauren | 01-02-2002 | |
| 131983 | Kelleher | James | 05-08-2001 | |
| 133559 | Fraser | Adrian | 23-12-2001 | |

Is é an chéad tasc a bheidh le déanamh agat ná a chinntiú nach bhfuil aon neamh-réireanna gan réiteach idir aon cheann de leibhéil na scoláirí mar a thaispeántar ar an scáileán sin iad agus na leibhéil de réir an eolais atá taifeadta ar Fhoirmeacha B, OOS8 agus OOS9. Ba cheart an tseiceáil sin a dhéanamh do gach ábhar agus do gach leibhéal. **Má tá aon scoláirí nach bhfuil ar an bhfeidhmchlár, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach sula dtéann tú ar aghaidh.**

I mórán cásanna, beidh na scoláirí a chuirtear i láthair d'ábhar ar leith i rang-ghrúpaí éagsúla. Dá bhrí sin, is í an chéad chéim eile ná IDanna nó comharthaí aitheantais (CA) cuí do gach rang-ghrúpa ar leith taobh istigh de gach leibhéal ábhair a iontráil, mar atá ar Fhoirmeacha B agus/nó ar Fhoirmeacha OOS8 agus/nó ar Fhoirmeacha OOS9, mar atá sa seat scáileáin thíos:

| CA Scrúduithe | Sloinne | Céadainm | Dáta Breithe | CA Ranga |
|---|---|---|---|---|
| 102874 | Greene | Megan | 01-04-2002 | A1 |
| 106234 | Mohr | Sarah | 26-07-2001 | A1 |
| 107419 | Collins | Ali | 11-07-2001 | A1 |
| 108714 | O'Neill | Kate | 21-12-2002 | A2 |
| 108964 | Seadaic | Oisín | 06-08-2001 | A1 |
| 116992 | O Mara | Sean A | 14-03-2002 | A2 |
| 120263 | Ni Bhroin | Maciej | 10-06-2002 | U1 |
| 120380 | ORAZI | ANGELICA | 21-09-2002 | U2 |
| 120470 | Doyle | Jack | 27-09-2001 | A1 |
| 121620 | Brown | Lauren | 01-02-2002 | A2 |
| 131983 | Kelleher | James | 05-08-2001 | A2 |
| 133559 | Fraser | Adrian | 23-12-2001 | A2 |
| 136390 | Harteveld | Emma Louise | 22-07-2001 | A1 |
| 136806 | Scannell | Dylan | 21-03-2002 | X1 |
| 141422 | Hickey | Rachel | 03-08-2001 | A1 |
| 145105 | Brady | Tori | 01-09-2001 | A2 |
| 146831 | Craven | Jason | 30-07-2002 | A2 |
| 147667 | Wilson | Emma | 18-10-2001 | A1 |
| 150833 | Masterson | Dónal Mac | 07-08-2001 | A2 |
| 156815 | Kealy | Ellie | 23-04-2001 | A2 |
| 156825 | Minnock | Bethany | 06-01-2002 | A2 |
| 180495 | CONDELL | Jade | 08-06-2001 | A1 |

Bailíochtaigh

Sa sampla thuas maidir leis an mBitheolaíocht, is féidir leat a fheiceáil go bhfuil dhá rang sa scoil, agus go bhfuil comharthaí aitheantais (CA) ranga A1 agus A2 sannta dóibh. Chomh maith leis sin, is féidir leat a fheiceáil go bhfuil beirt scoláirí ag déanamh staidéir ar an ábhar taobh amuigh den scoil agus gur féidir leis an scoil marc a sholáthar dóibh (U1 agus U2). Tá scoláire eile ag déanamh staidéir ar an ábhar taobh amuigh den scoil ach níl an scoil ábalta marc (X1) a sholáthar dó/di.

Sula ndéanfaidh tú an bailíochtú, ba cheart duit pdf de shannacháin an ranga a ghiniúint agus a phriontáil trí chliceáil ar an deilbhín pdf. Ba cheart duit an t-aschur a chur i gcomparáid leis na Foirmeacha B, OOS8 nó OOS9 ábhartha.

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil na comharthaí aitheantais (CA) ranga go léir iontráilte go cruinn, ba cheart duit 'Bailíochtaigh' a chliceáil ag bun an scáileáin. Má tá gach rud in ord agus in eagar, beidh an teachtaireacht seo a leanas le feiceáil ag barr an scáileáin.




## 2.3.2 Marcanna ó Fhoirmeacha B, OOS8 agus OOS9 a iontráil


Nuair a bheidh na sannacháin ranga bailíochtaithe, beidh an rogha chun marcanna a iontráil le feiceáil ag bun an scáileáin:



| | |
|---|---|
| 146831 | Craven |
| 147667 | Wilson |
| 150833 | Masterson |
| 156815 | Kealy |
| 156825 | Minnock |
| 180495 | CONDELL |




Tabharfaidh sé sin chuig an scáileán um iontráil marcanna thú agus ón scáileán sin beidh sé de rogha agat marcanna a iontráil do gach ceann de na ranganna atá díreach cruthaithe agat:




Roghnaigh rang atá 'Ar Siúl' agus tosaigh ag cur isteach marcanna don rang sin. I gcás scoláirí a bhfuil comhartha aitheantais ranga a thosaíonn le X, Y nó Z sannta dóibh, ní mór an marc 0 a iontráil.

Taispeánaimid anseo an scáileán um iontráil sonraí do CA Ranga A1:




| CA Scrúduithe | Sloinne | Céadainm | Ábhair | Leibhéal | CA Ranga | Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 143363 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 95 |
| 143364 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 83 |
| 143366 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 41.2 |
| 143367 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 55 |
| 143368 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 58.26 |
| 143372 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 38 |
| 143373 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 51 |
| 143376 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 84 |
| 143378 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 91 |
| 143383 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 10.00 |
| 143386 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 56 |
| 143387 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 42 |
| 143389 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 98 |
| 143391 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 59 |
| 143392 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 62 |
| 180756 | | | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 71 |


**Tabhair ar aird:**

- Ní mór go mbeadh na marcanna idir 0 agus 100
- Is féidir suas le dhá dhigit a chur i ndiaidh an phointe dheachúlaigh sna marcanna
- Ní féidir an marc céanna a shannadh d'aon bheirt scoláirí sa rang céanna

B'fhiú a thabhairt faoi deara freisin nach dócha go mbronnfaí 56.26 mar mharc measta de ghnáth, seachas mar shampla sa seat scáileáin thuas. Bheifí ag súil le tacar sonraí amhail 58, 58.25,58.5, 58.75 agus 59 i gcás ina mbeadh feidhmíocht ionchasach gach ball d' fho-ghrúpa scoláirí an-chosúil lena chéile.

Sula ndéanann tú iad a bhailíochtú, ba cheart duit pdf de mharcanna céatadáin an ranga a ghiniúint agus a phriontáil trí chliceáil ar an deilbhín pdf. Ba cheart duit an t-aschur a chur i gcomparáid leis na Foirmeacha B, OOS8 nó OOS9 ábhartha.

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil na marcanna iontráilte go cruinn agat, ba cheart duit 'Bailíochtaigh' a chliceáil ag bun an scáileáin. Má rinne tú earráid, e.g. má iontráil tú an marc céanna do bheirt scoláirí sa rang céanna, gheobhaidh tú teachtaireacht earráide agus aibhseofar na marcanna dúblacha ar an scáileán lena gceartú. Má tá gach rud in ord agus in eagar, agus má tá an earráid réitithe, tabharfar chuig an scáileán seo a leanas thú ina ndeimhnítear gur bailíochtaíodh na marcanna agus ina dtugtar an rogha na marcanna a chur faoi bhráid an phríomhoide lena bhfaomhadh.




| CA Scrúduithe | Sloinne | Céadainm | Ábhair | Leibhéal | CA Ranga | Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 102874 | Greene | Megan | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 95.00 |
| 106234 | Mohr | Sarah | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 83.00 |
| 107419 | Collins | Ali | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 41.20 |
| 108964 | Seadaic | Oisín | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 55.00 |
| 120470 | Doyle | Jack | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 58.26 |
| 136390 | Harteveld | Emma Louise | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 38.00 |
| 141422 | Hickey | Rachel | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 51.00 |
| 147667 | Wilson | Emma | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 84.00 |
| 180495 | CONDELL | Jade | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 91.00 |

### 2.3.3 Sonraí a iontráil lena bhfaomhadh

Chun an próiseas iontrála sonraí a chríochnú don rang sin, ba cheart duit cliceáil ar 'Cuir isteach' ag bun an scáileáin. Ba cheart ansin pdf deiridh a ghiniúint, a phriontáil agus a cheangal leis an bhFoirm B, OOS8 nó OOS9 ábhartha.

**Tabhair ar aird: Más rud é nach n-aontaíonn an Ceadaitheoir, ar chúis ar bith, nár iontráladh na sonraí cearta, tá sé de rogha aige/aici na sonraí a chuir tú isteach a dhiúltú nó a athshocrú.**

### 2.3.4 Cad atá le déanamh má dhiúltaíonn nó má athshocraíonn an Ceadaitheoir na sonraí

Má **dhiúltaíonn** an Ceadaitheoir na sonraí a cuireadh isteach i leith ranga, cuirfear na **marcanna céatadáin** don ábhar agus don leibhéal ar leith ar ais i gcomhair athbhreithniú agus nuashonrú de réir mar is cuí. Nuair a bheidh siad nuashonraithe, ba cheart na sonraí a chur isteach arís tríd an gcóras iontrála sonraí lena bhfaomhadh.

Má **athshocraíonn** an Ceadaitheoir na sonraí a cuireadh isteach i leith ranga, beidh áis ar fáil don DEU chun comharthaí aitheantais **(CA) ranga** a athshannadh do scoláirí agus marcanna a athiontráil. Nuair a bheidh siad nuashonraithe, ba cheart na sonraí a chur isteach arís tríd an gcóras iontrála sonraí lena bhfaomhadh.

Más gá athrú a dhéanamh ar an marc céatadáin measta ar Fhoirm B nó ar Fhoirm OOS8, ba cheart go gcuirfeadh an príomhoide foirm nuashonraithe ar fáil don DEU. De bhrí go mbeidh an próiseas ailínithe ábhair curtha i gcrích agus go mbeidh na seiceálacha cuí go léir ar na marcanna céatadáin measta déanta sula

dtugtar ar láimh don DEU iad ar an gcéad dul síos, níor cheart go mbeadh aon athrú á dhéanamh ag an gcéim seo den phróiseas ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

Nuair atá siad comhlánaithe, ba cheart don DEU na Foirmeacha A, B, OOS8 agus OOS9 a chur ar ais chuig an gCeadaitheoir. Beidh na foirmeacha sin de dhíth air/uirthi chun ról an cheadaitheora a chur i gcrích.

Má dhéanann tú earráid, cuir é sin in iúl don Cheadaitheoir láithreach, ionas go bhféadfaidh sé/sí na sonraí a dhiúltú nó a athshocrú, agus mar thoradh air sin cuirfear ar ais chugatsa iad chun iad a athbhreithniú agus a cheartú.

# Cuid 3– Ról an Cheadaitheora

Is é ról an Cheadaitheora:

- A chinntiú go bhfaighidh sé/sí na doiciméid ábhartha ón Úsáideoir/ó na hÚsáideoirí Iontrála Sonraí (DEU)
- A chinntiú go bhfuil an marc céatadáin do gach scoláire iontráilte i gceart ar an bhFeidhmchlár um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Bhailú de réir Fhoirm B
- A chinntiú go ndearnadh marc céatadáin a iontráil do gach scoláire agus do gach ábhar a bhfuil Foirm OOS8 ann ina leith
- A chinntiú go ndearnadh an marc céatadáin 0 a iontráil do gach scoláire agus do gach ábhar a bhfuil Foirm OOS9 ann ina leith
- Na sonraí a fhaomhadh, a dhiúltú nó a athshocrú de réir mar is cuí
- Na sonraí a chur ar aghaidh/ a thaisceadh – ní mór sonraí do gach scoláire sa scoil (do gach ábhar, leibhéal agus rang) a ionchur agus a fhaomhadh sular féidir an tacar deiridh sonraí a thaisceadh. Is é an 3 Meitheamh 2021 an spriocdháta don taisceadh sin.

## 3.1 Seiceáil Doiciméad

Mar cheadaitheoir, ba cheart duit a chinntiú go soláthróidh an tÚsáideoir Iontrála/na hÚsáideoirí Iontrála Sonraí (DEU) na Foirmeacha A, B, OOS8 agus OOS9 duit lena seiceáil nuair a bheidh na sonraí iontráilte ar an gCóras um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil.


## 3.2 An Córas um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil

### 3.2.1 Rochtain a fháil ar an gCóras um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil

Forbraíodh an Córas um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil go sonrach chun sonraí na nGrád Creidiúnaithe a bhailiú.


Mar phríomhoide, is féidir leat rochtain a fháil ar an bhfeidhmchlár trí nasc a sheolfar chugat ar ríomhphost ina mbeidh do shonraí chun logáil isteach.

Nuair a chliceálfaidh tú ar an nasc sa ríomhphost, tabharfar chuig an scáileán seo a leanas don logáil isteach thú:




Beidh sé de rogha agat an leagan Gaeilge nó an leagan Béarla den fheidhmchlár a úsáid. Cuireann tú isteach do sheoladh ríomhphoist agus an pasfhocal sealadach a sholáthraítear sa ríomhphost. Meabhrófar duit do phasfhocal a athrú agus logáil isteach ansin agus an pasfhocal nua á úsáid agat. Seolfar cód sé dhigit chuig d'fhón póca ansin agus meabhrófar duit é a iontráil ar do scáileán.


Nuair a bheidh tú logáilte isteach ar thairseach na nGrád Creidiúnaithe, beidh liosta de na hábhair agus de na leibhéil go léir do do scoil ar an scáileán baile.




| Stádas | Ábhair | Leibhéal | Foriomlán Scoláirí | Marcanna Iontráilte | % Marcanna Iontráilte |
|---|---|---|---|---|---|
| Níor tosaíodh | An Pholaitíocht Agus An Tsochaí | Ardleibhéal | 1 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Béarla | Ardleibhéal | 28 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Béarla | Gnáthleibhéal | 10 | 0 | 0% |
| Ar Siúl | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | 22 | 13 | 59% |
| Níor tosaíodh | Bitheolaíocht | Gnáthleibhéal | 2 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Ceimic | Ardleibhéal | 4 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Ceol | Ardleibhéal | 4 | 0 | 0% |
| Níor tosaíodh | Corpoideachas | Ardleibhéal | 1 | 0 | 0% |

### 3.2.2 Úsáideoirí Iontrála Sonraí (DEU) a Shuiteáil

Mar Cheadaitheoir, beidh ar do chumas Úsáideoirí Iontrála Sonraí (DEUanna) iomadúla a shuiteáil do do scoil. Chun é sin a dhéanamh, cliceáil ar an táb 'Úsáideoirí' ag barr an scáileáin. Tabharfaidh sé sin chuig an scáileán seo a leanas thú:




Agus na boscaí ag bun an leathanaigh á n-úsáid agat, iontráil sonraí an DEU mar seo a leanas:

- Ainm: Ba cheart go mbeadh aitheantóir don DEU sa réimse seo agus d'fhéadfadh sé gurb é ainm ceart an DEU a bheadh ann.
- Comhartha Aitheantais (ID) don logáil isteach (Ríomhphost): Ba cheart gurb é sin seoladh ríomhphoist an DEU agus is é a bheidh mar CA don logáil isteach ag an DEU.
- Ról: Is é DEU an t-aon rogha atá anseo.
- Fón: Teastaíonn sé sin don fhíordheimhniú ilsraithe (MFA) agus ba cheart gurb í uimhir fóin póca an DEU a bheadh ann san fhormáid **+353871234567**. Ba chóir cead a lorg ón DEU/ ó na DEUanna sula mbaintear úsáid as a uimhir fóin póca.
- Ríomhphost: Ba cheart gurb é sin seoladh ríomhphoist an DEU. Nuair a dhéantar an seoladh ríomhphoist a iontráil anseo seoltar sonraí don logáil isteach chuig an DEU.

Chun fíordheimhniú ilsraithe (MFA) a chumasú, ba cheart duit tic a chur sa bhosca MFA agus ansin cliceáil ar 'Cuir leis'.

**Caithfear** an MFA a chumasú mar go mbeidh an córas níos sláine dá bharr.

Ní mór na huimhreacha fóin a iontráil agus a réimír idirnáisiúnta iomlán leo, mar shampla +353871234567. **Níor cheart** iad a iontráil mar 0871234567.


Ba cheart a dheimhniú go bhfuil na seoltaí ríomhphoist ceart sula gcuirtear an t-úsáideoir leis an gcóras agus ríomhphost tástála a sheoladh lena dheimhniú go bhfuil an ríomhphost ceart.

**Bí an-chúramach nuair atá uimhir fóin agus seoladh ríomhphoist an DEU á n-iontráil agat. Mura ndéantar iad sin a iontráil i gceart, ní bheidh an DEU ábalta rochtain a fháil ar an gcóras.**

Nuair a bheidh DEU amháin suiteáilte agat, beidh sé de rogha agat DEUanna breise a shuiteáil.

### 3.2.3 Ranganna a Fhaomhadh/a Dhiúltú/a Athshocrú

Ar an scáileán Baile, mar cheadaitheoir, beidh ar do chumas an céatadán de dhul chun cinn atá á dhéanamh maidir le hionchur marcanna a fheiceáil do na hábhair éagsúla. Chun rochtain a fháil ar rang lena fhaomhadh, ba cheart duit dul chuig an leathanach 'Marcanna Scoláirí' agus an t-ábhar, an leibhéal agus an CA Ranga cuí a roghnú.




| CA Scrúduithe | Sloinne | Céadainm | Ábhair | Leibhéal | CA Ranga | Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 102874 | Greene | Megan | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 95.00 |
| 106234 | Mohr | Sarah | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 83.00 |
| 107419 | Collins | Ali | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 41.20 |
| 108964 | Seadaic | Oisín | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 55.00 |
| 120470 | Doyle | Jack | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 58.26 |
| 136390 | Harteveld | Emma Louise | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 38.00 |
| 141422 | Hickey | Rachel | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 51.00 |
| 147667 | Wilson | Emma | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 84.00 |
| 180495 | CONDELL | Jade | Bitheolaíocht | Ardleibhéal | A1 | 91.00 |

Sula gceadaíonn tú gach rang, ba cheart duit

- An t-aschur a phriontáil trí chliceáil ar an gcnaipe PDF
- Na sonraí ar Fhoirmeacha B, ar Fhoirmeacha OOS8 agus ar Fhoirmeacha OOS9 a chur i gcomparáid leis an gcomhad PDF.

***Rang a fhaomhadh***

Nuair a bheidh tú cinnte go bhfuil na sonraí ceart, ba cheart duit cliceáil ar an gcnaipe 'Faomh'. Níor cheart duit ceadú nó faomhadh a dhéanamh ach amháin má tá tú cinnte nach bhfuil aon athrú eile le déanamh. Ba cheart duit an próiseas sin a chur i gcrích arís do gach ábhar agus do gach leibhéal ceann ar cheann.

***Rang a dhiúltú***

Má fhaigheann tú amach nach bhfuil na marcanna céatadáin a iontráladh ceart maidir le rang ar leith, is féidir leat na sonraí a '**Dhiúltú**'. Cuirfear na marcanna céatadáin don ábhar agus don leibhéal sin ar ais chuig an DEU chun athbhreithniú a dhéanamh orthu agus iad a chur in eagar de réir mar is cuí.

***Rang a athshocrú***

Má fhaigheann tú amach gur sannadh scoláire nó scoláirí don rang mícheart, is féidir leat '**Athshocrú**' a dhéanamh ar na sonraí. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích:

- Ar an gcéad dul síos, ní mór duit na sonraí a 'Dhiúltú'.
- Ansin téann tú chuig an leathanach 'Sannacháin Ranga' agus déanann tú nascleanúint chuig an ábhar agus chuig an leibhéal cuí agus na roghanna anuas á n-úsáid agat
- Roghnaigh 'Athshocraigh' ag bun an scáileáin

Anois beidh an DEU ábalta comharthaí aitheantais (CA) ranga a athshannadh don ábhar agus don leibhéal sin.

Má dhiúltaíonn tú nó má athshocraíonn tú na sonraí de bharr earráide ar Fhoirm B, OOS8 nó OOS9, ba cheart duit an páipéarachas leasaithe/nua a chur ar ais chuig an DEU chun go mbeidh sé/sí ábalta an t-eolas ábhartha a iontráil ó chóip den fhoirm/de na foirmeacha atá iomlán ceart. Nuair a bheidh na sonraí athiontráilte ag an DEU, cuirfear ar ais chugatsa iad lena gceadú.

Nuair a bheidh na sonraí do rang ar leith ceadaithe agat, ba cheart duit rogha an pdf a úsáid chun pdf de na sonraí a ghiniúint agus a phriontáil agus a cheangal leis an bhFoirm B, OOS8 nó OOS9 cuí. Seachas na cinn atá sínithe agus ceangailte le Foirmeacha B, OOS8, nó OOS9 agat, ba cheart duit aon asphriontaí PDF a d'úsáid tú chun sonraí a sheiceáil a chur de láimh go slán ag an bpointe sin.

**Tabhair ar aird: Nuair a bheidh siad faofa, ní bheidh aon deis eile ar fáil chun leasuithe a dhéanamh ar na marcanna céatadáin don rang sin.**

### 3.2.4 An Tacar Deiridh Sonraí a chur ar aghaidh/ a thaisceadh

Nuair a bheidh na marcanna céatadáin do na hábhair go léir agus do na leibhéil go léir faofa, tabharfar rogha nua duit chun go bhféadfaidh tú na sonraí go léir a chur ar aghaidh/ a thaisceadh. Gheobhaidh tú an rogha sin ag bun an leathanaigh Baile.

Is ag an gcéim sin nach mór duit a chinntiú go bhfuil an tacar iomlán deiridh de na sonraí a cheadaigh tú (nó a d'fhaomh tú) priontáilte agat sula gcuirfidh tú ar aghaidh iad. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart duit:

- Dul chuig an táb Stádas Ranga
- Cliceáil ar gach Ábhar agus ar gach Leibhéal
- Scagadh a dhéanamh de réir gach ranga
- An comhad PDF a ghiniúint agus a phriontáil (mura bhfuil sin déanta cheana féin agat)
- Gach comhad PDF a shíniú agus dáta a chur leis
- Na comhaid PDF sin a choinneáil in éineacht le Foirmeacha A, B, OOS8 agus OOS9. Beidh na taifid sin ag teastáil do na próisis a bhaineann leis na hAchomhairc agus leis an Dearbhú Cáilíochta.

**Soláthróidh CSS tuilleadh eolais do scoileanna agus d'ionaid maidir leis an tréimhse ama ar cheart na taifid a choinneáil lena linn.**

## 3.3 Síniú a chur leis

Nuair a bheidh na sonraí go léir curtha ar aghaidh, ní mór duit an Dearbhú ar Shíniú a chomhlánú – féach Aguisín – agus é a choinneáil in éineacht leis na doiciméid eile go léir.

# Cuid 4 – An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)

Seachas roinnt mionchoigeartuithe, baineann na nósanna imeachta céanna leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus a bhaineann leis an Ardteistiméireacht. Má bhíonn aon cheisteanna agat, ba cheart go gcuideodh an comhordaitheoir don ATF leis an bpróiseas.

## 4.1 Comharthaí Aitheantais (CA) Ranga

Ní mór go mbeadh dhá charachtar ann do gach CA (ID) Ranga, e.g. A1, B2, CH, DD, ar aon dul leis an Ardteistiméireacht.

## 4.2 Marcanna Céatadáin

Ní féidir ach amháin na marcanna céatadáin do gach scoláire ar Fhoirm B a iontráil. Ní féidir creidiúintí a iontráil agus ní bhaineann siad leis an bpróiseas seo.

Go ginearálta, ní féidir an marc céanna a iontráil do bheirt scoláirí sa rang céanna. Tá eisceacht amháin ann maidir leis an riail sin agus baineann sí leis na ceithre ábhar seo a leanas

- 815 Oideachas Sóisialta
- 816 Teanga Chomharthaíochta
- 830 Feidhmeanna Matamaiticiúla
- 849 Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide[2]

Is ar an bpáipéar scríofa amháin a dhéantar na hábhair sin a mheas. I gcás go measann múinteoir go bhfuil feidhmíocht ionchasach scoláire ar an bpáipéar scríofa ag 80% nó níos mó, beidh an marc 100% le fáil ag scoláirí den chineál sin mar thoradh ar an bhfachtóir scálaithe 1.25. De bhrí go bhféadfadh breis agus scoláire amháin a bheith i gceist leis sin, ceadóidh an córas do bhreis agus scoláire amháin marc céatadáin 100 a fháil.

## 4.3 Scoláire nach bhfuil ar Chóras Iontrála Sonraí na nGrád Creidiúnaithe

Má tá aon scoláirí nach bhfuil ar an gcóras, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach sula dtéann tú ar aghaidh.

[2] De bharr chineál comhtháite an scrúdaithe, ní dhéanfar na gnéithe praiticiúla agus teoiriciúla a dheighilt chun go gcaithfí leo mar ghnéithe ar leith agus cuirfear an scálú 1.25 i bhfeidhm ar TFC

# Cuid 5 – Dearbhú Cáilíochta

Cinntigh, le do thoil, go mbeidh an páipéarachas go léir coinnithe in áit shábháilte agat. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh CSS roinnt seiceálacha mar chuid den phróiseas um dhearbhú cáilíochta. Chun é sin a éascú, rachaidh CSS i dteagmháil le rogha randamach scoileanna chun cóip den pháipéarachas a bhaineann le rang, ábhar nó scoil go léir a iarraidh i gcomhair seiceála.

# Cuid 6 – Deasc Chabhrach agus Tacaíocht

Tá Deasc Chabhrach na nGrád Creidiúnaithe ar fáil ó **10:00am go dtí 5:00pm**, ó Luan go hAoine chun cuidiú leat maidir le haon cheisteanna nó aon fhiosruithe a d'fhéadfadh a bheith agat maidir leis an bhFeidhmchlár um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil. Ní mór cuimhneamh ag an am céanna nach bhfuil an fhoireann iomlán inár n-oifigí mar go bhfuilimid ag leanúint na dtreorlínte sláinte go fóill agus ag obair ón mbaile nuair is féidir sin a dhéanamh de bharr srianta Sláinte agus Sábháilteachta COVID-19.

## Sonraí Teagmhála

| | |
|---|---|
| **Ríomhphost** | LcagUserSetup@education.gov.ie |
| **Fón** | 0579324461 (glac le rogha 2) |

**Aguisín – Foirm um Shíniú an Phríomhoide**

# An Feidhmchlár um Shonraí na nGrád Creidiúnaithe a Iontráil

## Síniú an Phríomhoide (BLOCLITREACHA)

| |
|---|
| Uimhir Rolla na Scoile: |
| Ainm agus Seoladh na Scoile: |

Deimhním:

- go bhfuil na marcanna céatadáin measta a chuir mé ar aghaidh ar son mo scoilse i gcomhréir leis an treoir atá leagtha amach ag an *'Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta a Sholáthar'*.
- gur cuireadh na dréachtchóipeanna de na doiciméid de láimh go slán.
- go bhfuil na taifid iomlána agus críochnaitheacha, lena n-áirítear Foirmeacha A, B, OOS8 agus OOS9, stóráilte go slán, lena gcoinneáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, má theastaíonn siad do na próisis a bhaineann le hAchomhairc nó Dearbhú Cáilíochta.

Síniú an phríomhoide: ______________________________

Dáta: ______________________